**RABHADH**
**Freagair gach ceist sna spásanna cuí ar an bpáipéar seo.**

Scríobh do Scrúduimhir anseo.

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2016

## STAIDÉAR IMSHAOIL AGUS SÓISIALTA

### GNÁTHLEIBHÉÁL

**Dé hAOINE, 10 MEITHEAMH – MAIDIN 9.30-11.30**

**Treoracha d'iarrthóirí:**

**Freagair GACH CEANN de na CÚIG cheist laistigh**

- Ceist 1 *ar leathanaigh 2, 3, 4 agus 5*
  Freagair codanna (A), (B) agus (C)
- Ceist 2 *ar leathanaigh 6, 7, 8 agus 9*
  Freagair cuid (A) nó (B)
- Ceist 3 *ar leathanaigh 10, 11, 12 agus 13*
  Freagair cuid (A). Ansin freagair cuid (B) nó (C)
- Ceist 4 *ar leathanaigh 14 agus 15*
  Freagair cuid (A) agus cuid (B)
- Ceist 5 *ar leathanach 16*
  Seiceáil ar dtús an bhfuil an léarscáil agus an t-aerfótagraf agat. Freagair na ceisteanna go léir.

**Don scrúdaitheoir amháin:**

| *Ceist* | **MARC** |
|---|---|
| **1** | |
| **2** | |
| **3** | |
| **4** | |
| **5** | |
| **IOMLÁN** | |
| **GRÁD** | |

**CEIST 1**
**24 marc**

**Freagair GACH ceann de na TRÍ chuid – (A) agus (B) agus (C)**

**(A) CEISTEANNA ILROGHNACHA** **(12 mharc)**

**Freagair 12 de na ceisteanna seo a leanas. Cuir tic ( ✓ ) sa bhosca ceart i ngach cás.**

*Sampla:* Is í an chathair is mó in Éirinn ná:

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| (a) | Gaillimh | ☐ | (b) | Béal Feirste | ☐ | |
| (c) | Baile Átha Cliath | ✓ | (d) | Port Láirge | ☐ | (1) |

*1.* Tomhaistear fad in:

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| (a) | milleabair | ☐ | (b) | ciliméadair | ☐ | |
| (c) | céatadáin | ☐ | (d) | céimeanna | ☐ | (1) |

*2.* Úsáidtear uillinntomhas chun tomhas a dhéanamh:

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| (a) | ar chion uisce | ☐ | (b) | ar fhad | ☐ | |
| (c) | ar chéimeanna | ☐ | (d) | ar threo | ☐ | (1) |

*3.* Tá Baile Átha Cliath, Corcaigh, Cill Chainnigh, Gaillimh, Luimneach, Sligeach agus Port Láirge ar fad tógtha le hais:

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| (a) | lochanna | ☐ | (b) | sléibhte | ☐ | |
| (c) | aibhneacha | ☐ | (d) | tránna | ☐ | (1) |

*4.* Is é a bhíonn i 'limistéar foraoisithe' de ghnáth ná:

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| (a) | mórán crann | ☐ | (b) | mórán tithe | ☐ | |
| (c) | mórán monarchana | ☐ | (d) | mórán oifigí agus siopaí | ☐ | (1) |

*5.* Ar léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis, is í an tsiombail do chumann gailf ná:

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| (a) | triantán dearg | ☐ | (b) | bratach bheag dhearg | ☐ | |
| (c) | réalta ghorm | ☐ | (d) | an litir mhór 'G' | ☐ | (1) |

*6.* Is é an t-aigéan atá ar an taobh thiar d'Éirinn ná:

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| (a) | An tAigéan Atlantach | ☐ | (b) | An tAigéan Indiach | ☐ | |
| (c) | An tAigéan Ciúin | ☐ | (d) | An tAigéan Artach | ☐ | (1) |

7. Tháinig na Lochlannaigh go hÉirinn:

(a) ar thraein ☐ (b) de shiúl na gcos ☐


(c) ar chapall agus cairt ☐ (d) ar bhád ☐ (1)

8. Is é a thaispeánann comhrianta ar léarscáil ná:

(a) aibhneacha ☐ (b) seanmhianaigh ☐

(c) cosáin ☐ (d) airde os cionn leibhéal na farraige ☐ (1)

9. Is minic a fhaightear struchtúr mar seo le hais bhóithre na hÉireann. Úsáidtear é chun:



(a) cabhrú le héin neadú ☐ (b) breith ar dhaoine a bhíonn ag tiomáint róthapa ☐

(c) eolas faoin aimsir a thaifeadadh ☐ (d) fótagraif a thógáil d'ulchabháin ☐ (1)

10. Úsáideadh droichead tógála chun:

(a) túirín a thrasnú ☐ (b) forbhalla a thrasnú ☐

(c) daingean a thrasnú ☐ (d) díog a thrasnú ☐ (1)

11. Tháinig na Normannaigh:

(a) as an nGearmáin ☐ (b) as an Normainn sa Fhrainc ☐

(c) as Albain ☐ (d) as an Spáinn ☐ (1)

12. Cé acu díobh seo a leanas atá ina fhoinse cumhachta **IN-ATHNUAITE**?

(a) gual ☐ (b) gás ☐

(c) grianchumhacht ☐ (d) ola ☐ (1)

13. Is é an ceantar in Éirinn is mó a raibh tionchar ag an Réabhlóid Thionsclaíoch air ná:

(a) Béal Feirste ☐ (b) Baile Átha Cliath ☐

(c) Luimneach ☐ (d) Corcaigh ☐ (1)

14. Is é is mó a fhaightear i gceantar feirmeoireachta ná:

(a) lochanna ☐ (b) locháin charraige ☐

(c) tránna ☐ (d) talamh feirmeoireachta ☐ (1)

**(B) MUINTIR AN tSEANSAOIL** **(6 mharc)**

**AN tSEANRÓIMH, AN tSEANGHRÉIG, AN tSEANÉIGIPT NÓ DOMHAN NA nINCEACH**

I gcás ceann **AMHÁIN** de na sibhialtachtaí thuas, scríobh faoi cheann **AMHÁIN** díobh seo a leanas:

(a) Nósanna adhlactha nó sochraide

**NÓ**

(b) Foirgneamh cáiliúil on tsibhialtacht sin

**NÓ**

(c) Éadaí a chaith siad

**NÓ**

(d) Airm a d'úsáid saighdiúir

Is í an tsibhialtacht a scríobhfaidh mé fúithi ná ________________________

(6)

## (C) BRUSCAR (6 mharc)

**Féach ar na pictiúir thíos agus freagair na ceisteanna a leanann iad.**

**Taispeánann na pictiúir seo bruscar timpeall ar lochanna, aibhneacha agus canálacha in Éirinn.**



***Pictiúir le caoinchead ó Victor Kutischev www.underwater-ireland.com***

***1.*** Ainmnigh cineál **AMHÁIN** ábhair atá le feiceáil sna fótagraif thuas agus ar féidir é a athchúrsáil.

(1)

***2.*** Mol bealach **AMHÁIN** le daoine a spreagadh chun a gcuid bruscair a chur in araid bhruscair nó é a thabhairt abhaile leo.

(1)

***3.*** Cén fáth a bhfuil sé chomh dainséarach sin don timpeallacht bruscar a chaitheamh san uisce nó in aice leis an uisce?

(4)

**CEIST 2**

**24 marc**

**Freagair cuid (A) nó (B)**

**(A) PLANDÁIL IN ÉIRINN SA 17ú hAOIS** **(24 marc)**


**Úinéireacht Talún in Éirinn 1600 – 1703.**


| Úinéireacht Talún | 1600 | 1641 | 1703 |
|---|---|---|---|
| **Caitlicigh** | 90% | 60% | 15% |
| **Protastúnaigh** | 10% | 40% | 85% |

***1.*** Taispeánann na figiúirí thuas gur thit céatadán (%) na gCaitliceach a bhí ina n-úinéirí talún in Éirinn ó ________ in 1600 go dtí ________ in 1703.

D'ardaigh céatadán (%) na bProtastúnach a bhí ina n-úinéirí talún in Éirinn ó _______ in 1600 go dtí ______ in 1703. (4)

***2.*** Bain úsáid as na figiúirí ón bpainéal thuas chun na graif thíos a chomhlánú chomh néata agus is féidir leat.




(4)

***3.*** Tabhair **DHÁ** chúis a bhí le plandálacha in Éirinn.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ (4)

***4.*** Ainmnigh **DHÁ** chontae in Éirinn inar tharla plandálacha.

____________________ agus ____________________ (4)

***5.*** Faoi gach ceannteideal thíos, ainmnigh athrú **AMHÁIN** a tharla in Éirinn de bharr na bPlandálacha.

Teanga: ______________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

Creideamh: ___________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

Feirmeoireacht: ______________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

Bailte móra: _________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

(8)

**<u>NÓ</u>**

**AN BHRASAÍL** **(24 marc)**

**Féach ar an eolas agus ar na fótagraif thíos agus freagair na ceisteanna a leanann iad.**

Cathair mhór sa Brasaíl is ea Rio de Janeiro. In 2014, imríodh roinnt cluichí i gCorn an Domhain ansin. Bhí mórán agóidí ó dhaoine a bhí ina gcónaí in favelas, a chonaic a gcuid tithe á leagan chun spás a dhéanamh do staideanna peile.

Chreid na daoine a chónaigh sna favelas gur chóir an t-airgead a úsáideadh chun íoc as Corn an Domhain, a úsáid i gcomhair rudaí eile mar scoileanna agus ospidéil.






*Paulo Ito / Flickr / Creative Commons*



*Le cead: CatComm | RioOnWatch*

In 2016, beidh na cluichí Oilimpeacha ar siúl in Rio de Janeiro. Tá favela darb ainm Vila Autodromo le hais an tsuímh don Pháirc Oilimpeach. Tá cuid de na daoine in Vila Autodromo ina gcónaí ansin le daichead bliain nó níos mó.

Gheall an méara nach gcaillfeadh aon duine ansin a gcuid tithe. D'inis an méara bréag agus lá amháin, nuair a bhí daoine imithe ag obair, tháinig na póilíní agus leagadh tithe daoine go talamh.

Deir roinnt daoine, cosúil leis an méara, go mbeidh Rio de Janeiro i bhfad níos fearr do gach duine de bharr na gcluichí Oilimpeacha. Beidh bóithre nua ann agus tithíocht níos fearr. Ní aontaíonn mórán daoine in favela Vila Autodromo leo.

***1.*** Cén chathair ina bhfuil Vila Autodromo? ________________________________________ (2)

***2.*** Cén fáth ar leagadh cuid de na favelas roimh Chorn an Domhain in 2014?

________________________________________________________________ (2)

***3.*** Déan cur síos ar na cineálacha daoine a chónaíonn in favela.

*Leideanna: Na háiteanna ónar tháinig siad, na cineálacha post a dhéanann siad, an bhfuil oideachas orthu, an bhfuil siad saibhir nó bocht?*

________________________________________________________________

________________________________________________________________

________________________________________________________________

________________________________________________________________

________________________________________________________________

________________________________________________________________

________________________________________________________________

________________________________________________________________

________________________________________________________________

________________________________________________________________(8)

**4.** Tabhair cúis **AMHÁIN**, dar leat, nach dtrustann daoine in Vila Autodromo an méara.

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________ (2)

**5.** Tabhair **DHÁ** chúis go mb'fhéidir nach mbeadh daoine in Vila Autodromo ag iarraidh bogadh go dtí páirt eile den chathair.

______________________________________________________________________________


______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________ (4)

**6.** Féach ar an bpictiúr seo agus líon isteach na **TRÍ** thoisc bhrú agus na **TRÍ** thoisc tharraingthe a chuireann iallach ar dhaoine bogadh ón tuath le cónaí i gcathracha nó i dtíortha eile.
Tá roinnt tugtha duit cheana féin mar thús.




(6)


**CEIST 3**

**24 marc**

**Freagair cuid (A), ansin freagair cuid (B) nó (C)**

**(A) AN RÉABHLÓID THIONSCLAÍOCH (12 mharc)**


**Suas go dtí 1842, ba mhinic mná agus páistí ag obair i mianaigh. Féach ar na pictiúir agus ar an eolas thíos agus freagair na ceisteanna ar an leathanach thall.**



**An Doirseoir**

Ba mhinic gurbh é an doirseoir an duine ab óige sa chlann ag obair faoi thalamh. Ba é an cúram a bhí ar an duine sin na doirse adhmaid (comhlaí tógála) a lig don aer úr gluaiseacht tríd an mianach a oscailt agus a dhúnadh. De ghnáth, bheidís ina suí ansin agus iad go hiomlán sa dorchadas ar feadh suas le dhá uair déag_an chloig, ag fanacht leis an tobán guail a ligean tríd an doras. Ní raibh an obair deacair ach d'fhéadfadh sí a bheith dainséarach. Dá dtitfidís ina gcodladh, d'fhéadfaidís a bheith mar chúis le drochthimpiste.


---



**Na Tarraingeoirí agus na Sáiteoirí**

Mná a bhíodh mar tharraingeoirí go minic. Bhíodh criosanna á gcaitheamh acu a chuidigh leo na tobáin ghuail a tharraingt. Páistí a bhíodh sna sáiteoirí agus bhídís ag brú na dtobán guail ón taobh thiar agus iad ag úsáid a gcloigne go minic. Chaill mórán sáiteoirí a gcuid gruaige ó bheith ag sá na dtobán. D'fhéadfadh na tobáin ghuail a bheith chomh trom le capall lánfhásta, agus b'éigean iad a stiúradh trí bhóithríní nach raibh ach méadar ar airde uaireanta.

---



**Na Faighteoirí**

Fir lánfhásta a bhí sna faighteoirí agus bhain siadsan an gual ó bhallaí an mhianaigh. Bhí sé thar a bheith te thíos sa mhianach agus bhí an obair crua. Mar sin, is beag éadaí a chaith siad. Bhíodh deannach guail á análú acu i gcaitheamh an lae agus bhí an-drochshláinte acu. Tharla mórán timpistí nuair a thit ballaí an mhianaigh agus gur clúdaíodh faighteoirí, sáiteoirí, tarraingeoirí agus doirseoirí. Ní raibh aon trealamh sábháilteachta acu.

*1.* Cad a rinne doirseoir?

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________ (2)

**2.** Cén tionchar a bhí ag an obair ar shláinte na sáiteoirí agus na dtarraingeoirí?

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________ (2)

*3.* Cad iad na príomhchineálacha mianach a bhí sa Bhreatain le linn na Réabhlóide Tionsclaíche?

______________________________ agus ______________________________ (2)

*4.* Ainmnigh **DHÁ** fhoinse cumhachta i gcomhair inneall sa Réabhlóid Thionsclaíoch.

______________________________ agus ______________________________ (2)

*5.* Tabhair **DHÁ** chúis ar úsáideadh páistí agus mná óga mar oibrithe sna mianaigh.

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________ (4)



[Thall

**FREAGAIR CUID (B) NÓ CUID (C)**

**(B) AN CHÉAD CHOGADH DOMHANDA** **(12 mharc)**

**Féach ar na fótagraif thíos agus freagair na ceisteanna.**





D'úsáid saighdiúirí colúir sa Chéad Chogadh Domhanda chun fótagraif a thógáil ón aer agus chun teachtaireachtaí a sheoladh. Is iomaí beatha a sábháladh mar thoradh ar theachtaireachtaí a d'iompair colúir.

***1.*** Ainmnigh **DHÁ** ainmhí eile ar baineadh úsáid astu chun cabhrú le saighdiúirí sa Chéad Chogadh Domhanda.

____________________ agus ____________________ (2)

***2.*** Déan cur síos ar an gcaoi ar chabhraigh ceann **AMHÁIN** de na hainmhithe a d'ainmnigh tú thuas leis na saighdiúirí.

________________________________________

________________________________________

______________________________________ (2)

***3.*** Scríobh alt gairid faoi cheann **AMHÁIN** díobh seo a leanas:

(a) An Saol sna Trinsí; (b) Cath an Somme; (c) Na cúiseanna a bhí leis an gCéad Chogadh Domhanda.

________________________________________

________________________________________

________________________________________

________________________________________

________________________________________

________________________________________

________________________________________

________________________________________

______________________________________ (8)

**NÓ**

**(C) AN DARA COGADH DOMHANDA** **(12 mharc)**


***1.*** Ainmnigh tír **AMHÁIN** a bhí ar thaobh na Gearmáine sa Chéad Chogadh Domhanda.

_____________________________________________ (2)

***2.*** Ainmnigh tír **AMHÁIN** a bhí ar thaobh na Breataine sa Chéad Chogadh Domhanda.

_____________________________________________ (2)

***3.*** Baineann na pictiúir seo a leanas le haslonnú páistí ó chathracha sa Bhreatain.






***(a)*** Cén fáth ar aistríodh páistí amach as cathracha sa Bhreatain?

_____________________________________________

_____________________________________________ (2)

***(b)*** Cár cuireadh iad?

_____________________________________________(2)

***(c)*** Cad atá sna boscaí beaga cairtchláir atá ar crochadh ar mhuiníl na bpáistí?

_____________________________________________(2)

***(d)*** Cén fáth a gceapann tú go bhfuil lipéid ceangailte de na páistí?

_____________________________________________

_____________________________________________(2)

# CEIST 4

**24 marc**

**AN DOMHAN I mBÉAL FORBARTHA - ATHCHÚRSÁIL** **(24 marc)**

**Is féidir le buidéil phlaisteacha an-dochar a dhéanamh don timpeallacht. Seo dhá thionscadal a bhfuil súil acu na buidéil a úsáid chun rud éigin úsáideach a dhéanamh. Léigh fúthu agus féach ar na fótagraif, ansin freagair na ceisteanna ar an gcéad leathanach eile.**

Is deacair fuinneoga a chur i dtithe bochta mar favelas agus bailte seantán a thógann na daoine féin agus bíonn leictreachas gann. Dá bhrí sin, bíonn mórán daoine dorcha ar an taobh istigh, cé go bhfuil siad i dtíortha grianmhara.





Fuair mic léinn amach gur féidir buidéal lán le huisce agus tuarthóir a úsáid chun solas a scaipeadh taobh istigh de theach dorcha. Dá bharr sin, tá sé níos éasca ar dhaoine maireachtáil sna tithe, cócaráil, obair bhaile a dhéanamh agus aire a thabhairt do pháistí. Ní chosnaíonn sé mórán na 'soilse' sin a dhéanamh.





Bealach eile ar féidir buidéil phlaisteacha a úsáid ná chun ballaí a dhéanamh. Líontar na buidéil le gaineamh agus éiríonn siad crua cosúil le brící chun ballaí a thógáil. Úsáideadh na buidéil seo, a bhailítear ó óstáin agus ó ghnólachtaí sula gcaitear amach iad, chun tithe agus scoileanna a thógáil. Mar sin is féidir tithe agus scoileanna a thógáil go saor.





Tá beagán gluaiseachta sna tithe seo atá déanta de bhuidéil phlaisteacha agus mar sin ní thiteann siad chomh héasca sin i gceantair ina mbíonn creathanna talún. Is féidir iad a thógáil go tapa freisin. Tá ballaí na dtithe piléardhíonach chomh maith mar gheall ar an ngainimh sna buidéil.

***1.*** Ainmnigh ábhar tógála **AMHÁIN** a úsáideann na daoine féin chun a dtithe féin a thógáil____________________ (2)

***2.*** Tabhair **DHÁ** chúis a bhféadfadh tithe a thógann na daoine féin in favelas nó bailte seantán a bheith dorcha ar an taobh istigh.

1. ________________________________________________________________________________

2. ________________________________________________________________________________ (4)

***3.*** Tabhair **DHÁ** chúis a gceapann tú go mbeadh tóir ar na soilse buidéal plaisteach sin i dtíortha bochta.

1. ________________________________________________________________________________

2. ________________________________________________________________________________ (4)

***4.*** Don teach buidéal plaisteach, tabhair cúis **AMHÁIN** a gceapann tú go líonann siad na buidéil le gaineamh.

________________________________________________________________________________ (2)

***5.*** Mura n-úsáidfí na buidéil do na soilse ná do na tithe, cad a tharlódh dóibh?

________________________________________________________________________________ (2)

***6.*** Tabhair **DHÁ** chúis a gceapann tú go mbeadh tóir ar na buidéil phlaisteacha sin i dtíortha bochta.

1. ________________________________________________________________________________

2. ________________________________________________________________________________ (4)

***7.*** Scríobh faoi **DHÁ** chineál athchúrsála nó athúsáide ábhair faoi leith a tharlaíonn i do cheantar, i do scoil nó i do theach féin.

*Leideanna: cén t-ábhar a athchúrsálann tú, cad dó a ndéantar é a athúsáid, cad a tharlaíodh dó sular thosaigh tusa á athchúrsáil nó á athúsáid?*

________________________________________________________________________________

________________________________________________________________________________

________________________________________________________________________________

________________________________________________________________________________

________________________________________________________________________________

________________________________________________________________________________

________________________________________________________________________________

________________________________________________________________________________

________________________________________________________________________________

________________________________________________________________________________

________________________________________________________________________________

________________________________________________________________________________

________________________________________________________________________________ (6)

## CEIST 5

**24 marc**

**Seiceáil go bhfuil léarscáil agus fótagraf agat sula bhfreagraíonn tú na ceisteanna seo.**

Scrúdaigh an léarscáil 1: 50,000 de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis agus an t-aerfótagraf a ghabhann leis an bpáipéar seo. Ansin freagair na ceisteanna thíos.

Taispeánann an léarscáil agus an fótagraf baile Neidín agus an ceantar ina thimpeall.

***1.*** Úsáid an léarscáil agus ainmnigh **DHÁ** bhóthar náisiúnta den dara grád a thaispeántar uirthi.

____________________ agus ____________________ (4)

***2.*** Ó bheith ag féachaint ar an léarscáil, marcáil na ráitis seo **FÍOR** nó **BRÉAGACH** de réir mar is cuí.

| | | | |
|---|---|---|---|
| a. | Tá Neidín suite le hais abhann | FÍOR ☐ | BRÉAGACH ☐ |
| b. | Tá Neidín ar fhána sléibhe | FÍOR ☐ | BRÉAGACH ☐ |
| c. | Tá stáisiún traenach i Neidín | FÍOR ☐ | BRÉAGACH ☐ |
| d. | Tá stáisiún na nGardaí i Neidín | FÍOR ☐ | BRÉAGACH ☐ |

(4)

***3.*** Úsáid an léarscáil agus ainmnigh **DHÁ** loch i gceantar Neidín.

____________________ agus ____________________ (4)

***4.*** Ó bheith ag féachaint ar an **bhfótagraf**, cad é an foirgneamh, i lár an tulra i bhfíoríochtar an fhótagraif?

________________________________________ (4)

***5.*** Is é a thugtar ar an bpointe is airde ar an léarscáil seo ná____________________ agus tá sé ag airde __________ méadar. (4)

***6.*** Tá turasóir a bhfuil suim aige/aici sa **siúl agus sa rothaíocht** ag tabhairt cuairte ar Neidín.

Agus tú ag úsáid na léarscáile agus an fhótagraif, cad iad na gníomhaíochtaí a d'fhéadfá a mholadh dóibh a dhéanamh sa cheantar?

________________________________________

________________________________________

________________________________________

________________________________________

________________________________________

________________________________________ (4)